
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

## Ardteistiméireacht

# SIOLLABAS STAIRE




(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## Cuspóirí agus Prionsabail

1. Is é cuspóir ginearálta an oideachais cabhair a thabhairt chun gach gné na hindibhide a fhorbairt, na gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, breithiúnacha, cultúrtha, tochtacha, bríomhara agus intleachtúla, na gnéithe a bhaineann le saol pearsanta, saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus saol i measc an phobail, agus na gnéithe a bhaineann le scíth curtha san áireamh.

2. Cuirtear na cláir Ardteistiméireachta ar fáil leis an gcuspóir ginearálta seo, agus le béim ar leith ar ullmhú na ndaltaí i gcomhair oideachas nó oilliúint tríú leibhéal, i gcomhair fhostaíochta agus le haghaidh a ról mar shaoránaigh fhiontracha, a ghlacann páirt i gcúrsaí an tsochaí.

3. Tá sé de chuspóir ag gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chláir na Teistiméireachta Sóisearaí a sholáthar. Is féidir go dtiocfadh athruithe ar an gcoibhneas a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla taobh istigh de na cláir, .i. forbairt phearsanta agus shóisialta (agus gnéithe mórálta agus spioradálta san áireamh), staidéir ghairmiúla agus ullmhú i gcomhair oideachais bhreise agus i gcomhair shaol an duine fhásta agus shaol na hoibre.

4. Na cláir atá dírithe ar an Ardteistiméireacht, tá fad dhá bhliain iontu agus trí fhoirm sholáthair acu:

   i. an Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe)

   ii. Gairmchlár na hArdteistiméireachta

   iii. an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

5. Maidir le gach clár Ardteistiméireachta, agus cabhair á thabhairt aige d'oideachas ardchaighdeáin, cuireann sé béim

   - ar fhoghlaim fhéin-dírithe agus smaoineamh neamhspleách
   - ar spiorad an fhiosraithe, smaoineamh breithiúnach, réiteach fadhbanna, féinmhuinín, tionscnamh agus fiontar
   - ar ullmhú don oideachas breise, do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre
   - ar fhoghlaim shaoil.

## An Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe)

Cuireann clár na hArdteistiméireachta (Seanbhunaithe) ar fáil do dhaltaí, oideachas atá leathan agus cothromaithe, agus ag an am céanna ceadaítear dóibh oiread éigin de shainstaidéar a dhéanamh. Cuirtear siollabais ar fáil i raon leathan d'ábhair. Soláthraítear gach ábhar ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Chomh maith leis sin, soláthraítear Matamaitic agus Gaeilge ag Bonnleibhéal.

Baintear feidhm as an teastas i gcomhair roghnaithe don oideachas breise, fhostaíochta, oiliúna agus ardoideachais.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GA)

Is é atá i nGairmchlár na hArdteistiméarachta (GA) ná idirghabháil san Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe). Déanann daltaí ar an GA staidéar ar chúig ábhar ar a laghad (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), ar Ghaeilge agus ar dhá ábhar ó chnuasaigh shainithe d'ábhair ghairmiúla. Ní mór dóibh freisin cúrsa aitheanta i nuatheanga Eorpach, nach Gaeilge nó Béarla í. Chomh maith leis sin, tógann siad trí nasc-mhodúl ar Oideachas Fiontair, Ullmhú don Obair agus Cleachtadh Oibre.

Go háirithe tá sé mar chuspóir ag an GA spiorad an fhiontair agus an tionscnaimh a chothú i measc na ndaltaí, agus a scileanna idirphearsanta, gairmiúla agus teicneolaíocha a fhorbairt.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta neamhspleách ann féin an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Dearadh é i gcomhair na ndaltaí sin nach mian leo dul go díreach isteach san oideachas tríú leibhéal nó nach bhfreastalaíonn an dá chlár eile Ardteistiméireachta ar a gcuid riachtanas, mianta nó mianach. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tógtha mórthimpeall ar thrí phríomhghné – Ullmhú Gairmiúil, Oideachas Gairmiúil agus Oideachas Ginearálta – a bhfuil comhghaoil agus comhspleáchas eatarthu. Is iad buntréithe an chláir seo ná cleachtaí oideachasúla atá gníomhach, praiticiúil agus daltalárnach.

ARDTEISTIMÉIREACHT

# SIOLLABAS STAIRE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

# CLÁR

**Brollach....................................2**

Cineál na Staire....................................2

Cineál an tSiollabais....................................2

**Aidhmeanna agus Cuspóirí....................................3**

Aidhmeanna....................................3

Cuspóirí....................................3

**Frámaíocht agus Riachtanais an tSiollabais....................................5**

Frámaíocht an tSiollabais – Léaráid....................................6

Idirdhealú....................................7

I: Ag Obair le fianaise....................................8

II: Topaicí staidéir....................................11

**Measúnú....................................14**

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde....................................14

An Páipéar Scrúdaithe Ceann Cúrsa....................................14

**Topaicí an tSiollabais....................................17**

Éire sa Nua-Aois Luath....................................17

An Eoraip agus an Domhan Mór sa Nua-Aois Luath....................................25

Éire sa Nua-Aois Dhéanach....................................33

An Eoraip agus an Domhan Mór sa Nua-Aois Dhéanach....................................41

# BROLLACH

## Cineál na Staire

### Eispéireas an duine – cúram na staire

Déileálann an stair le heispéireas saol an duine san am atá caite. Sa staidéar ar stair áirítear imscrúdú ar an bhfianaise atá ar marthain a bhaineann leis an taithí sin. Cuireann sí an dalta staire i dteagmháil le heispéiris an duine, atá an-difriúil lena (h)eispéiris féin go minic. Mar sin, faigheann an dalta léargas ar shlite beatha eile, ar mhodhanna smaointe eile, ar réitigh eile ar fhadhbanna athfhillteacha an duine. Tá an staidéar ar eispéireas an duine san am atá caite, a leithleachas agus a ilchineálacht, riachtanach chun go bhforbróidh an dalta tuiscint ar staid an duine agus ar inspreagadh an duine. Le linn fáil amach, trí staidéar ar fhaisnéis, faoi eispéiris a p(h)obail féin, faigheann an dalta léargais luachmhara ar fhréamhacha a (h)ionannais féin agus ar thraidisiúin atá againn.

### Am agus athrú – éirim na staire

Os rud é gur gné riachtanach de staid an duine é an t-athrú, is ábhar is cúram don dalta staire é. Is féidir cur síos ar am agus athrú, gan dabht, mar éirim na staire. Cé go ndéanann disciplíní eile imscrúdú ar ghnéithe de shaol an daonnaí, d'institiúidí daonna agus de thraidisiúin chultúir, an stair amháin a bhaineann ó bhun lena n-athruithe a mheas agus a mhíniú. Sa mhéid go bhfuil na rátaí athraithe stairiúil éagsúil go mór (mall i gcás struchtúr agus traidisiún fadmharthanach, níos tapúla i gcás cogaí agus réabhlóidí), is é tasc an staraí é míniú a thabhairt ar an dinimic i gceist i ngach cás. Foghlaimeoidh an dalta staire faoi lárnacht an athraithe do gach eispéireas de chuid an duine agus faoin modh casta ina n-idirghníomhaíonn modhanna difriúla athraithe.

### Tuiscint a fhorbairt – athbhreithniú ar stair

Tá an staidéar ar an stair agus scríobh na staire chomh statach leis an saol féin. Féadfaidh athbhreithniú ar an taifead staire agus méadú ar ár dtuiscint ar an stair éirí as fianaise nua agus léargais nua. Tugann sé sin acmhainneacht uathúil don stair chun scileanna smaointeoireachta criticiúla an dalta a fhorbairt. Trí mhaireachtáil i ndomhan atá ag athrú i gcónaí, foghlaimeoidh an dalta gur ceart an anailís is fairsinge agus an chritic is mó a dhéanamh ar a b(h)reithiúnais féin maidir le cineál na n-imeachtaí staire.

## Cineál an tSiollabais

Is é an prionsabal atá mar bhonn ag an siollabas ná gur ceart an staidéar ar stair a mheas mar scrúdú ar cad a tharla dar leis na staraithe, bunaithe ar fhiosrú san fhianaise atá ar fáil.

Seo a leanas cuid de phríomhghnéithe an tsiollabais:

### *Grinnstaidéar:*

Sa siollabas áirítear mionstaidéar ar roinnt topaicí staire agus soláthraítear an deis chun staidéar níos grinne a dhéanamh ar ghnéithe de na topaicí sin. Leis an gcur chuige sin ceadaítear tuiscint níos mó a fháil ar na castachtaí atá mar bhonn leis an dúshlán a ghabhann leis an am atá caite a léirléamh agus breithiúnais réasúnacha a dhéanamh ar mheastóireacht ar fhianaise.

### *Béim ar scileanna:*

Éascaíonn an grinnchur chuige béim ar na scileanna staire a fhorbairt; go háirithe, láimhsiú fianaise agus scileanna taighde.

### *Ag obair le doiciméid:*

Sa staidéar ar cheann de na topaicí áireofar úsáid struchtúrach a bhaint as doiciméid staire. Lamhálfaidh sé sin don dalta saineolas a fhorbairt ar an meastóireacht ar fhianaise agus an cumas a fhorbairt chun breithiúnais réasúnaithe a dhéanamh.

### *Staidéar Taighde:*

Tá páirtíocht i dtaighde ina cuid riachtanach den siollabas. Fad a thugtar léargas ar an modh ina n-oibríonn staraithe, tá infheidhmeacht leathan ag na scileanna a fhorbraítear tríd an staidéar sin.

# AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

## Aidhmeanna

### Eolas agus tuiscint

1. Eolas agus tuiscint ar ghníomhaíocht an duine san am atá caite a fhorbairt.
2. Tuiscint ar shaol an lae inniu a chur chun cinn trí thuiscint stairiúil ar shaincheisteanna tábhachtacha ár gcomhaimsire a fhorbairt.
3. Eolas agus tuiscint ar stair na hÉireann, na hEorpa agus an domhain a fhorbairt.
4. Tuiscint na ndaltaí ar choincheapanna staire a fhorbairt.
5. Dearcadh ar athrú, i saol atá ag athrú, a sholáthar do dhaltaí.

### Scileanna staire

1. Feasacht a fhorbairt ar léirléimh dhifriúla ar shaincheisteanna staire ar leith.
2. Raon scileanna taighde a fhorbairt atá riachtanach chun staidéar a dhéanamh ar an stair.
3. Tuiscint ar chineál agus éagsúlacht na fianaise stairiúla a fhorbairt.

### Ullmhú don saol agus do shaoránacht

1. An cumas chun smaoineamh go criticiúil a fhorbairt.
2. Luachanna dearfacha a fhorbairt a ghabhann leis an staidéar ar an stair.
3. Tuiscint ar an tsochaí ina maireann na daltaí agus ar shochaithe eile, caite agus láithreacha, a chothú sna daltaí.
4. Feasacht fhaisnéisneach agus chriticiúil ar a n-oidhreacht stairiúil a chothú sna daltaí.

## Cuspóirí

### Eolas agus tuiscint

1. Is ceart go bhfaigheadh agus go bhforbródh na daltaí tuiscint ar:
   - na sain-eilimintí liostaithe de na topaicí a ndéantar staidéar orthu
   - an chaoi a bhfuil gníomhartha agus eispéiris ghlúinte romhainn tar éis cabhrú chun tionchar a imirt ar a gcomharbaí
   - an chaoi a suíonn eilimintí de thopaicí stair na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta níos leithne. Ag brath ar an topaic i gceist, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí sa chomhthéacs sin breithniú ar ghnéithe mar:
     - toise na Breataine
     - an toise Eorpach
     - an toise domhanda
     - diaspóra na hÉireann
   - gníomhaíocht an duine san am atá caite, ón iliomad dearcaí. Agus staidéar á dhéanamh ar ghníomhaíocht an duine san am atá caite, is ceart aird a thabhairt ar eispéiris na mban. Is féidir na príomhchineálacha gníomhaíochta a bhfuil staidéar le déanamh orthu a rangú mar a leanas:
     - riarthach
     - cultúrtha
     - eacnamaíoch
     - polaitiúil
     - creidimh
     - eolaíoch
     - sóisialta.

2. Is ceart go bhforbródh daltaí tuiscint ar choincheapanna dá leithéidí atá bunúsach don staidéar ar an stair, agus dá scríobh, agus go bhforbróidís cumas chun iad a chur i bhfeidhm, mar sh.

   - coincheapanna nós imeachta
     - foinse agus fianaise
     - fíoras agus tuairim
     - laofacht agus oibiachtúlacht

   - coincheapanna léirmínitheacha
     - athrú agus leanúnachas
     - cúis agus iarmhairt
     - comparáid agus codarsnacht

   - coincheapanna substaintiúla
     - cumhacht agus údarás
     - coinbhleacht agus athmhuintearas
     - daonlathas agus cearta daonna
     - cultúr agus sibhialtacht
     - geilleagar agus sochaí
     - ionannas agus pobal
     - spás agus am.

## Scileanna Staire

Is ceart go bhforbródh na daltaí raon scileanna a ghabhann leis an staidéar ar an stair agus lena scríobh.

### *1. Aithint an chineáil eolais stairiúil*

Is ceart go bhfoghlaimeodh na daltaí conas:

- a aithint go bhfuil eolas stairiúil trialach agus neamhiomlán agus, dá bhrí sin, faoi réir athbhreithnithe agus/nó ath-léirléimh
- a aithint nach mór scríobh na staire a bheith bunaithe ar fhianaise údarásach agus go bhféadfadh níos mó ná léirléamh amháin a bheith ar an bhfianaise atá ar fáil.

### *2. Scileanna taighde*

Is ceart go bhfoghlaimeodh na daltaí conas:

- topaic chuí le haghaidh staidéir taighde a shainmhíniú
- sonraí staire a aimsiú ón iliomad foinsí príomha agus/nó tánaisteacha
- sonraí iomchuí a roghnú agus a thaifeadadh
- sonraí a mheas
- sonraí a chomhthiomsú
- torthaí a chur i láthair i bhformáid loighciúil dhea-struchtúrtha.

### *3. Scileanna láimhsithe fianaise*

Is ceart go bhforbródh na daltaí an cumas maidir le:

- cineálacha difriúla ábhar foinse staire a aithint
- faisnéis a bhaint as ábhair fhoinse chun ceisteanna staire a fhreagairt
- measúnú a dhéanamh ar úsáidí d'fhoinsí ar leith agus ar a dteorainneacha
- laofacht a bhrath
- bolscaireacht a shainaithint.

## Ullmhú don saol agus don tsaoránacht

Trí staidéar a dhéanamh ar an stair, is ceart go bhfaigheadh na daltaí comhcheangal uathúil de scil agus tuiscint a chabhróidh leo ullmhú don saol agus d'obair sa tsochaí, fad a chuirtear lena bhfás pearsanta mar phearsana aonair.

1. Is ceart go bhforbródh na daltaí an cumas chun:

   - smaoineamh go criticiúil trí bhreithiúnais a dhéanamh bunaithe ar fhianaise a mheas.

2. Is ceart go bhforbródh na daltaí luachanna dearfacha a ghabhann leis an staidéar ar an stair. Is ceart go bhfoghlaimeoidís an chaoi le:

   - bheith críochnúil le linn faisnéis a bhailiú agus cruinn le linn a thaifeadta
   - bheith ar an eolas faoi laofacht agus dícheall a dhéanamh a bheith oibiachtúil
   - bheith in ann féachaint ar shaincheist chointinneach nó chonspóideach ó níos mó ná dearcadh amháin.

3. Is ceart go bhfoghlaimeodh na daltaí conas:

   - a n-oidhreacht stairiúil a mheas trí staidéar a dhéanamh ar stair ó iliomad dearcaí.

# FRÁMAÍOCHT AGUS RIACHTANAIS AN TSIOLLABAIS

### Frámaíocht an tsiollabais

I bhfrámaíocht an tsiollabais tá dhá chuid idirnasctha mar a leanas:

I: Ag obair le fianaise

II: Topaicí staidéir

### I: Ag Obair le fianaise

a) Tabhairt isteach: stair agus an staraí

b) Staidéar bunaithe ar dhoiciméid

c) Staidéar taighde.

- Tabharfar réamhthabhairt isteach do na daltaí maidir leis an gcineál staire agus le hobair an staraí. Foirmeoidh sé sin an bonn d'obair amach anseo ar na topaicí, ar an staidéar bunaithe ar dhoiciméid agus ar an staidéar taighde.
- Rachaidh na daltaí i mbun staidéir bunaithe ar dhoiciméid ar cheann de thopaicí an tsiollabais mar an bpríomh-mheán chun a scileanna a fhorbairt chun obair a dhéanamh le fianaise.
- Rachaidh na daltaí i mbun staidéir taighde ar ábhar suntasach staire mar mheán chun a scileanna a fhorbairt tuilleadh maidir le hobair a dhéanamh le fianaise agus mar an bpríomh-mheán chun a scileanna taighde a fhorbairt.

### II: Topaicí staidéir

Tá na topaicí eagraithe in dhá réimse staidéir scoite: An Nua-Aois Luath, 1492-1815; An Nua-Aois Dhéanach, 1815-1993.

- Déanfaidh na daltaí staidéar ar thopaicí ó cheann de na réimsí staidéir.

Laistigh de gach réimse staidéir, tá sé thopaic ó stair na hÉireann agus sé thopaic ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir.

- Déanfaidh na daltaí staidéar ar dhá thopaic ó stair na hÉireann agus dhá thopaic ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir ón réimse staidéir roghnaithe.

Leagfar síos dhá thopaic le haghaidh staidéir bunaithe ar dhoiciméid: topaic amháin ó réimse staidéir na Nua-Aoise Luaithe agus topaic amháin ó réimse staidéir na Nua-Aoise Déanaí.

- Déanfaidh na daltaí staidéar bunaithe ar dhoiciméid ar an topaic leagtha síos óna réimse staidéir roghnaithe.

*Ar an gcéad leathanach eile tugtar Frámaíocht an tSiollabais i bhformáid léaráide.*

# FRÁMAÍOCHT AN TSIOLLABAIS

## Frámaíocht an tsiollabais - léaráid

| **I Ag Obair le faisnéis** |
|---|
| A. Tabhairt isteach: stair agus an staraí<br>B. Staidéar Bunaithe ar Dhoiciméid<br>C. Staidéar Taighde |

**II Topaicí staidéir**

| **Réimse Staidéir na Nua-Aoise Luaithe 1492-1815** | **Nó** | **Réimse Staidéir na Nua-Aoise Déanaí 1815-1993** |
|---|---|---|
| • Ar an réimse staidéir seo tá *dhá thopaic déag.*<br>• Baineann *sé thopaic* le stair na hÉireann agus sé thopaic le stair na hEorpa agus an domhain mhóir.<br>• Leagfaidh an t-údarás scrúdúcháin síos *topaic amháin* le haghaidh staidéir dhoiciméad-bhunaithe.<br>• Más ó stair na hÉireann an topaic sin, roghnaítear *topaic amháin* eile ó stair na hÉireann in éineacht le *dhá thopaic* ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir.<br>• Más ó stair na hEorpa an topaic sin, roghnaítear *topaic amháin* eile ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir agus *dhá thopaic* ó stair na hÉireann.<br>• Déanann na daltaí staidéar ar *cheithre thopaic* san iomlán. | | • Ar an réimse staidéir seo tá *dhá thopaic déag.*<br>• Baineann *sé thopaic* le stair na hÉireann agus sé thopaic le stair na hEorpa agus an domhain mhóir.<br>• Leagfaidh an t-údarás scrúdúcháin síos *topaic amháin* le haghaidh staidéir dhoiciméad-bhunaithe.<br>• Más ó stair na hÉireann an topaic sin, roghnaítear *topaic amháin* eile ó stair na hÉireann in éineacht le *dhá thopaic* ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir.<br>• Más ó stair na hEorpa an topaic sin, roghnaítear *topaic amháin* eile ó stair na hEorpa agus an domhain mhóir agus *dhá thopaic* ó stair na hÉireann.<br>• Déanann na daltaí staidéar ar *cheithre thopaic* san iomlán. |

## Idirdhealú

Tá an siollabas saincheaptha le múineadh ar Ghnáthleibhéal agus Ardleibhéal araon. Déantar na leibhéil a idirdhealú trí shonrú na dtorthaí foghlama. Tá torthaí ann a bhaineann le Cuid I: Ag obair le fianaise agus sraith bhreise torthaí chineálacha do Chuid II: Topaicí staidéir.

## Topaicí

Cé go ndéanfaidh daltaí ag an dá leibhéal staidéar ar na topaicí céanna, i gcás daltaí Gnáthleibhéil cuirfear béim ar leith ar na príomhphearsana agus ar na cás-staidéir a ghabhann lena dtopaicí. Beifear ag súil go ndéanfaidh daltaí Ardleibhéil staidéar ar gach gné de na topaicí ar bhealach níos grinne agus go bhforbróidh siad leibhéal tuisceana coincheapúla níos mó.

## Measúnú

Baintear tuilleadh idirdhealaithe amach trí na comhpháirteanna measúnaithe a úsáidtear:

- Sa staidéar taighde, beifear ag súil le feasacht níos mó ar an gcomhthéacs staire is leithne agus le leibhéal níos airde anailíse agus/nó measúnaithe ó na daltaí Ardleibhéil.
- Beidh an páipéar scrúdaithe ceann cúrsa do dhaltaí Gnáthleibhéil difriúil go mór i dtéarmaí formáide agus ceisteanna leis an bpáipéar scrúdaithe ceann cúrsa do dhaltaí Ardleibhéil. Beidh na ceisteanna ginearálta ag Gnáthleibhéal tiomáinte ag spreagthach (e.g. pictiúr nó léarscáil) agus teastóidh freagraí d'fhad athraitheach i gcás ilíocht cineálacha ceisteanna.
- Cé go mbeidh an fhormáid chéanna leis an gceist bunaithe ar dhoiciméid ag an dá leibhéal, beidh ualú na marcanna difriúil agus beidh gá le scileanna léirmheastóireachta níos mó ag an Ardleibhéal.

## I: Ag obair le fianaise

### A. Tabhairt isteach - stair agus an staraí

Is é an prionsabal atá mar bhonn ag an siollabas ná gur ceart féachaint ar staidéar na staire mar thaiscéalaíocht ar an rud a tharla dar le staraithe, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil a fhiosrú. D'fhonn an prionsabal seo a thabhairt isteach agus a fheidhmiú a spreagadh tríd an staidéar a dhéanann an dalta ar an gcúrsa, is ceart dul i mbun taiscéalaíochta leis an dalta ar na nithe seo a leanas:

#### *Cad is stair ann?*

- Na bríonna difriúla leis an bhfocal "stair" - an t-am atá caite, fianaise ar marthain ón am atá caite, startha scríofa
- Cineál sealadach an eolais staire - léirmhíniú ar fhianaise atá ar fáil.

#### *An staraí ag obair*

- Ról na fianaise i dtaighde staire agus i scríobh na staire
- Na príomh-éagsúlachtaí fianaise stairiúla
- Na príomhstóir fhianaise stairiúla
- An chaoi a cheistíonn an staraí corpas fianaise
- Na céimeanna éagsúla de thaighde staire
- Ar thóir na hoibiachtúlachta
- Réidhe an staraí maidir lena t(h)uiscint ar imeachtaí a athbhreithniú de dheasca fhianaise nua nó léargas nua
- Cineál casta an athraithe staire agus an dúshlán a ghabhann lena dinimic a mhíniú.

Is ceart na léargais a fhaightear ón réamhstaidéar seo a atreisiú go leanúnach tríd an gcúrsa ar fad. Is ceart go mbeadh feasacht ar chineál an ábhair agus ar ról an staraí follasach san obair iardain ar na topaicí agus ar an staidéar bunaithe ar dhoiciméid agus an staidéar taighde.

### B. An Staidéar Bunaithe ar dhoiciméid

I gcás gach scrúdaithe, leagfaidh an t-údarás scrúdúcháin dhá thopaic síos le haghaidh staidéir bunaithe ar dhoiciméid: topaic amháin ó réimse staidéir na Nua-Aoise Luaithe agus topaic eile ó réimse staidéir na Nua-Aoise Déanaí. Déanfar na topaicí seo a rothlú ó am go ham.

Bainfidh na doiciméid a bhfuil staidéar le déanamh orthu leis na cás-staidéir liostaithe le haghaidh gach topaice. Cabhróidh sé sin leis na daltaí na scileanna láimhsithe fianaise a fhorbairt atá sainaitheanta sa liosta cuspóirí cúrsa.

Déanfar breithniú ar leith ar infhaighteacht doiciméad cuí le linn topaicí a leagan síos le haghaidh staidéir bunaithe ar dhoiciméid.

### C. An Staidéar Taighde

#### *Cuspóir an staidéir*

Féachann an staidéar taighde le spiorad fiosraithe faoin am atá caite a chothú sna daltaí chomh maith le raon scileanna a chabhróidh chun an fiosrú a dhéanamh. Ligeann sé do dhaltaí dul i mbun bheart foghlama féintreoraithe atá bunaithe i luachanna nós imeachta an staraí.

#### *Critéir*

Sa staidéar taighde déanfar staidéar ar ábhar tábhachta stairiúla a roghnaíonn an dalta, faoi threoir an mhúinteora.

Le linn ábhar a roghnú don staidéar taighde, is ceart na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

- Caithfidh an t-ábhar scrúdaithe a bheith sainmhínithe go soiléir. Is ceart go mbeadh a fhócas cúng seachas leathan chun gur féidir grinnscrúdú a dhéanamh.
- Is ceart go mbeadh na foinsí a úsáidtear ina bhfoinsí príomha nó ina sainfhoinsí tánaisteacha.

- Ag Gnáthleibhéal is ceart DHÁ fhoinse ar a laghad a úsáid; ag Ardleibhéal is ceart TRÍ fhoinse (nó níos mó) a úsáid.
- Caithfidh tábhacht stairiúil a bheith leis an ábhar a roghnaítear. Samhlaítear raon leathan féidearthachtaí, lena n-áirítear staidéir staire áitiúla agus staireolaíochta. Is féidir miondealú níos mine ar ábhar oiriúnach a fháil i dTreoirlínte an Mhúinteora.
- Ní ceart go mbeadh an t-ábhar a roghnaítear doiléir nó beagthábhachtach. Is ceart go mbeadh sé bunaithe ar fhaisnéis is féidir a fhíordheimhniú go furasta.

### *Formáid an staidéir*

Tiomsóidh gach dalta tuarascáil ar thorthaí a staidéir taighde. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an údaráis scrúdúcháin le haghaidh marcála. Beidh trí chomhpháirt ag an tuarascáil, mar a leanas:

- An plean imlíneach: tabharfaidh sé seo sainmhíniú ar, agus údar maith leis, an ábhar staidéir beartaithe, ag sainaithint na n-aidhmeanna, an chur chuige bheartaithe agus na bhfoinsí atá le cuardach.
- An mheastóireacht ar na foinsí: tabharfaidh sé seo le fios bainteacht na bhfoinsí leis an ábhar staidéir agus tabharfaidh sé ráiteas maidir lena láidreachtaí agus laigeachtaí.
- An aiste fhada: leagfaidh sé seo síos na príomhthorthaí agus conclúidí ar tháinig an dalta orthu. Is ceart go bhfolódh sé athbhreithniú ar an bpróiseas a glacadh agus ar a úsáidí a bhí an próiseas sin chun na haidhmeanna leagtha síos sa phlean imlíneach a bhaint amach. Tá gá le comhleanúnachas struchtúir: is ceart go mbeadh réamhrá soiléir agus conclúid shoiléir san aiste agus, idir eatarthu, líne forbartha loighciúla.

## Ag obair le fianaise: torthaí foghlama

A: Tabhairt isteach - stair agus an staraí

B: An staidéar bunaithe ar dhoiciméid

C: An staidéar taighde

Cé go bhfuiltear ag súil go dtreoróidh na torthaí seo a leanas gach gné de chúrsa staidéir an dalta, déanfar iad a mheas tríd an staidéar bunaithe ar dhoiciméid agus an staidéar taighde go príomha.

Ar chríochnú na coda seo den siollabas, is ceart go mbeadh daltaí ag an dá leibhéal in ann:

- tuiscint ar ról na fianaise i scríobh na staire a léiriú. Is ceart go gcuimseodh a dtuiscint gnéithe mar: an difríocht idir foinse agus fianaise, an chaoi a mheasann staraí an fhianaise, an chaoi ar féidir níos mó ná léirléamh amháin a bheith ar fhianaise.
- cineálacha difriúla foinsí staire a shainaithint mar chuntais fhinnéithe súl, taifid phoiblí, cuimhní, litreacha, léarscáileanna, grianghraif agus cartúin pholaitíochta.
- raon foinsí staire den chineál sainaitheanta thuas a léirléamh agus ceisteanna a fhreagairt a bhaineann lena mbunús, a gcuspóir agus a n-úsáidí.
- tátail a bhaint as foinsí staire agus na tátail sin a úsáid chun cabhrú chun breithiúnais a fhoirmiú maidir le saincheisteanna staire.
- feasacht ar oibiachtúlacht a thaispeáint ina scríbhinn féin trí fhéachaint go crua le bheith cóir agus neamhchlaonta.
- dul i mbun píosa taighde de réir na scileanna liostaithe cuí. Folaíonn siad sin an cumas sonraí staire a aimsiú ó roinnt foinsí, na sonraí a mheas, sonraí iomchuí a chomhthiomsú agus torthaí a chur i láthair i bhformáid dhea-struchtúrtha.

I dteannta leis an méid sin thuas, is ceart go mbeadh daltaí an Ardleibhéil in ann freisin:

- a mhíniú conas a úsáidtear an focal “stair” go minic chun cur síos ar an am atá caite ann féin, ar fhianaise atá ar marthain ón am atá caite agus ar startha scríofa.
- a mhíniú cad iad na cineálacha foinsí staire a fhaightear i gcartlanna, i leabharlanna agus i músaeim.
- príomhláidreachtaí agus príomhtheorainneacha foinsí éagsúla a shainaithint trí na ceisteanna cuí a chur maidir le gnéithe mar an gcuspóir lena dtáirgeadh, bunchúiseanna an/na duine/ndaoine a tháirg iad, a gcomhthéacs stairiúil agus a mbainteacht le himeacht(aí) agus saincheist(eanna) a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu.
- cineál sealadach an eolais stairiúil a aithint - gurb é atá i startha scríofa ná léirléamh ar fhianaise atá ar fáil agus go bhféadfadh sé go n-athródh fianaise nua ár dtuiscint ar an stair.
- tuiscint ar an gcomhthéacs staire is leithne de thorthaí taighde a léiriú.

## II: Topaicí Staidéir

### Leagan amach

Mar a leanas atá leagan amach na dtopaicí:

- Tá paraiméadair dhátaí ag gach topaic. Ní cheanglaítear ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar gach forbairt shuntasach laistigh de na paraiméadair dhátaí ach, ina áit sin, staidéar a dhéanamh ar na gnéithe sin de na topaicí atá leagtha síos sa liosta eilimintí.
- Déantar staidéar ar gach topaic ó raon dearcaí. I gcás fhormhór na dtopaicí, cuimsíonn sé seo staidéar ar na gnéithe seo a leanas de thopaic: polaitíocht agus riarachán; sochaí agus geilleagar; cultúr, creideamh agus eolaíocht.
- Gabhann trí chás-staidéar le gach topaic, le gach ceann díobh ag cuimsiú grinnstaidéir ar ghné an-suntasach nó ionadaitheach d'eilimint den topaic.
- Ag gach topaic tá liosta de phríomhphearsana agus de phríomhchoincheapanna. Is é atá i gceist anseo ná líniú soiléir an ábhair a fheabhsú agus idirdhealú riachtanas do dhaltaí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil a éascú.

*Ar an gcéad leathanach eile tugtar liosta iomlán de na topaicí.*

## Topaicí staidéir — liosta

| Réimse Staidéir na Nua-Aoise Luaithe |
|---|
| **Stair na hÉireann, 1494-1815** |
| *1. Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558*<br>*2. Éirí Amach agus concas in Éirinn Eilís, 1558-1603*<br>*3. An Ríocht in aghaidh coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660*<br>*4. Cinsealacht choilíneachta a bhunú, 1660-1715*<br>*5. Coilíneacht in aghaidh ríochta - teannais in Éirinn lár an ochtú haois déag, 1715-1770*<br>*6. Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815* |
| **Stair na hEorpa agus an domhain mhóir, 1492-1815** |
| *1. An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567*<br>*2. Creideamh agus cumhacht - polaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567-1609*<br>*3. Éiclips na sean-Eorpa, 1609-1660*<br>*4. An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715*<br>*5. Impirí a bhunú, 1715-1775*<br>*6. Impirí faoi réabhlóid, 1775-1815* |
| **Réimse Staidéir na Nua-Aoise Déanaí** |
| **Stair na hÉireann, 1815-1993** |
| *1. Éire agus an tAontas, 1815-1870*<br>*2. Gluaiseachtaí don leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914*<br>*3. Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949*<br>*4. Diaspóra na hÉireann, 1840-1966*<br>*5. Polaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993*<br>*6. An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989* |
| **Stair na hEorpa agus an domhain mhóir, 1815-1992** |
| *1. An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871*<br>*2. Stáit náisiúin agus teannais idirnáisiúnta, 1871-1920*<br>*3. Deachtóireacht agus daonlathas, 1920-1945*<br>*4. Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992*<br>*5. Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990*<br>*6. Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989* |

## II: Topaicí staidéir - torthaí foghlama

| | |
|---|---|
| I gcás gach ceann de na topaicí a bhfuil staidéar déanta acu orthu - agus ag féachaint do na paraiméadair shainmhínithe - is ceart go mbeadh daltaí an dá leibhéal in ann:<br><br>• cuimhneamh ar na príomhimeachtaí mar atá leagtha síos sna heilimintí liostaithe agus, le tagairt ar leith d'athruithe tábhachtacha sainaitheanta ansin, tuiscint bhunúsach a léiriú ar na príomhchúiseanna agus na príomh-iarmhairtí<br><br>• a aithint go mbaineann staidéar ar an stair ní hamháin le lucht an chumhachta agus an tionchair ach go mbaineann sé freisin leis na gnáthdhaoine agus daoine gan ainm<br><br>• cuimhneamh ar na saincheisteanna agus ar an imeacht nó na himeachtaí a threisítear sna trí chás-staidéar le haghaidh gach ceann de na topaicí a ndéantar staidéar orthu agus cuntas scéaltach a thabhairt orthu<br><br>• féachaint ar shaincheist chonspóideach ó níos mó ná dearcadh amháin, le tagairt ar leith do na saincheisteanna a bhfuil béim curtha orthu sna cás-staidéir<br><br>• cur síos go mion ar ról roinnt príomhphearsan maidir leis na heilimintí liostaithe agus aghaidh a thabhairt ar ghnéithe mar: an modh inar imir an phearsa tionchar ar na himeachtaí tuairiscithe, nó inar imir na himeachtaí sin tionchar air/uirthi; an raibh an phríomhphearsa ina rannpháirtí sna himeachtaí, nó ina f(h)inné orthu; dearcaí comhaimseartha difriúla i leith na príomhphearsan. | I dteannta leis an méid sin thuas, is ceart go mbeadh daltaí Ardleibhéil in ann freisin:<br><br>• cuimhneamh ar na príomhcheisteanna agus na príomhimeachtaí atá leagtha síos sna heilimintí liostaithe agus, le tagairt ar leith d'athruithe tábhachtacha sainaitheanta ansin, tuiscint mhaith a léiriú ar na príomhchúiseanna agus ar na príomh-iarmhairtí<br><br>• cuimhneamh ar na saincheisteanna agus ar an imeacht nó na himeachtaí a threisítear sna trí chás-staidéar le haghaidh gach ceann de na topaicí a ndéantar staidéar orthu agus cuntas dioscúrsach a thabhairt orthu<br><br>• ról na bpríomhphearsan a mheas i ndáil leis na príomhcheisteanna agus na príomhimeachtaí leagtha síos sna heilimintí liostaithe. I gcás gur cuí, is ceart go dtabharfaí le fios ina meastóireacht feasacht ar dhearcaí reatha chomh maith le comhaimseartha i leith na príomhphearsan.<br><br>• tuiscint a léiriú ar bhainteacht na bpríomhchoincheapanna leis an topaic i gceist. |

# MEASÚNÚ

Beidh dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann:

1. Tuarascáil ar an staidéar taighde
2. Scrúdú ceann cúrsa

## Tuarascáil ar an staidéar taighde

Déanfar an Staidéar Taighde a mheas trí mheán tuarascála. Déanfar an tuarascáil a réamhchur faoi bhráid an údaráis scrúcúcháin.

### Leithdháileadh marcanna

Is é an céatadán d'iomlán na marcanna atá le leithdháileadh don chomhpháirt seo ná 20%. Tá na marcanna le hualú mar a leanas:

| | |
|---|---|
| An plean imlíneach | 3% |
| An mheastóireacht ar na foinsí | 5% |
| An aiste fhada | 12% |

### Nósanna imeachta maidir le fíordheimhniú

Caithfidh gur obair dá chuid féin í tuarascáil an iarrthóra. Cuirfear nósanna imeachta maidir le fíordheimhniú i bhfeidhm chun comhlíonadh an riachtanais seo a chinntiú. Folóidh siad sin prótacal i ndáil le hábhar idirlíon-bhunaithe a úsáid.

## An scrúdú ceann cúrsa

### Leithdháileadh marcanna

Is 80% a bheidh i gcéatadán iomlán na marcanna atá le leithdháileadh don chomhpháirt seo.

### Páipéar an Ardleibhéil

- Freagróidh iarrthóirí ceithre cheist, ceann ar gach ceann de na ceithre thopaic a ndéantar staidéar orthu. Gabhfaidh an luach céanna le gach ceann de na ceithre cheist. Beidh ceann de na ceisteanna bunaithe ar dhoiciméid.
- Le heisceacht na dtopaicí ainmnithe don staidéar doiciméad-bhunaithe, cuirfear méid sonraithe ceisteanna i gcás gach ceann de na topaicí.
- I gcás gach topaice, déanfar dhá cheann, ar a laghad, de na trí dhearcadh a scrúdú gach bliain.

### Páipéar an Ghnáthleibhéil

- Freagróidh iarrthóirí ceithre cheist, ceann ar gach ceann de na ceithre thopaic a bhfuil staidéar déanta orthu. Ceisteanna ginearálta a bheith i dtrí cinn de na ceisteanna fad a bheith ceann díobh bunaithe ar dhoiciméid.
- Beidh ceist amháin bunaithe ar gach topaic.
- Beidh eilimint rogha "ionsuite" i ngach ceann de na ceisteanna ginearálta.
- Beidh formáid choiteann i bhfeidhm le gach ceann de na ceisteanna ginearálta agus beidh gach ceann díobh tiomáinte ag spreagthach. Tá sé i gceist go n-éascóidh an spreagthach don iarrthóir an topaic a aithint agus go bhfeidhmeoidh sé chun scrúdú níos déine ar eolas agus ar thuiscint a thabhairt isteach. Folóidh an fhormáid choiteann ceisteanna tiomáinte ag spreagthach (ag tástáil tuisceana agus/nó aitheantais) agus paragraif nó aistí gairide nasctha leis na príomhphearsana agus cás-staidéir.

### An cheist bunaithe ar dhoiciméid

- Bainfidh na doiciméid a roghnaítear le **CEANN** de na cás-staidéir liostaithe. D'fhéadfadh sé gur doiciméid amhairc nó scríofa iad na doiciméid a roghnaítear. (De réir a shainmhínithe folaíonn "scríofa" athscríbhinní d'agallaimh raidió agus teilifíse agus fianaise ó bhéal.)
- Mar a leanas a bheidh formáid na ceiste bunaithe ar dhoiciméid:

  Roinn 1: Tuiscint

  Roinn 2: Comparáid

  Roinn 3: Léirmheastóireacht

  Roinn 4: Comhthéacsú.

- Tá sé i gceist go n-áireofar sa cheist bunaithe ar dhoiciméid úsáid a bhaint as roinnt sleachta gairide nasctha ó thaobh téama agus sleachta "dírithe" a thástálfaidh cumas na n-iarrthóirí corpas áirithe faisnéise a cheistiú, a chomhghaolú agus a mheas.
- Tá an roinn comhthéacsú saincheaptha chun a chinntiú gur féidir le hiarrthóirí an t-ábhar agus bunús doiciméad a chur i mbaint leis na téamaí ginearálta den topaic agus le saincheisteanna agus imeachtaí iontu, mar is cuí.
- Sa leithdháileadh marcanna, beidh ualú níos airde ann i gcás na roinne tuiscint ag Gnáthleibhéal agus ualú níos airde ann i gcás na roinne comhthéacsú ag Ardleibhéal.

Siollabas Staire na hArdteistiméireachta

# TOPAICÍ AN tSIOLLABAIS

## ÉIRE SA NUA-AOIS LUATH

## Topaic 1: Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558

| Dearcadh | Eilimintí | Cás-staidéir |
|---|---|---|
| *Polaitíocht agus riarachán* | Tréith cheannas Chill Dara.<br>Tionscnaimh leasuithe Túdarach: ó Poynings go Skeffington, 1494-1534.<br>Éirí amach Chill Dara.<br>An Tiarna Leonard Grey agus Conradh na nGearaltach.<br>Parlaimint 1541 agus an polasaí géillte agus athbhronnta.<br>Na réimis mheán-Túdaracha agus tús na plandála | Plandáil Laoise/Uíbh Fhailí |
| *Sochaí agus geilleagar* | Tréadachas, buailíocht agus sochaí na nGael.<br>Feodachas agus leathfheodachas; bailte móra agus gildeanna; trádáil; margaí intíre, onnmhairí/allmhairí.<br>An teaghlach agus an mhuintir in Éirinn na nGael.<br>An saibhir agus an daibhir: tiarnaí, saorshealbhóirí agus aithigh i sochaí na nGael. | Mná agus pósadh faoi dhlí na nGael |
| *Cultúr agus creideamh* | Eaglais dheighilte in Éirinn réamh-Reifirméisin.<br>Mainistreacha agus a ndíscaoileadh.<br>An leasú Observantine.<br>An Reifirméisean faoi Anraí VIII.<br>An Reifirméisean faoi Éadbhard VI.<br>An Frith-Reifirméisean faoi Mháire I.<br>Staid chultúr na nGael: breithiúna, baird agus annálaithe. | Scoileanna na mBard |

*Sa staidéar a dhéanann siad ar an topaic, is ceart go dtiocfadh na daltaí ar an eolas faoi ról príomhphearsan ar leith.*

*"Eochair" eile chun tuiscint a fhorbairt sna daltaí ná go bhfoghlaimeoidís conas na príomhcheisteanna a shainaithint trí eolas maith a bheith acu ar phríomhchoincheapanna áirithe*

### Príomhphearsana

Is ceart go mbeadh daltaí ar an eolas faoin gcion a rinne na daoine seo a leanas do na forbairtí atá liostaithe faoi na heilimintí thuas:

*An t-ochtú hIarla ar Chill Dara; an naoú hIarla ar Chill Dara; Con Bacach Ó Néill; Mánus Ó Domhnaill; Eileanór Nic Gearailt; Sir Anthony St. Leger; Sir Thomas Cusack; An tArdeaspag George Browne; An tArdeaspag George Dowdall; an tríú hIarla ar Sussex*

### Príomhchoincheapanna

*Coinmheadh is buannacht, tiarnas, gaol, leasú polaitíochta, géilleadh agus athbhronnadh, plandáil, ardcheannas ríoga, saoránacht, Reifirméisean, Frith-Reifirméisean.*

## Topaic 2: Éirí amach agus concas in Éirinn Eilís, 1558-1603

| Dearcadh | Eilimintí | Cás-staidéir |
|---|---|---|
| *Polaitíocht agus riarachán* | Struchtúr an chórais riaracháin in Éirinn Eilís; cláir leasaithe agus uachtaránachtaí; tionscadail phríobháideacha agus coilíneachtaí; teacht chun cinn na ballraíochta.<br>Easaontais pholaitíochta i dtiarnais na hÉireann; Séan Ó Néill; an tÉirí Amach i nDeasumhain; an tÉirí Amach in Ulaidh agus cogadh náisiúnta (An Cogadh Naoi mBliana). | Tiarnas Thír Eoghain |
| *Sochaí agus geilleagar* | Athruithe inmheánacha i dtiarnais na nGael.<br>An Pháil agus ualach an airm.<br>Coilíneachtaí agus plandálacha.<br>Costais chogaidh. | Baile Átha Cliath faoi Eilís |
| *Cultúr agus creideamh* | 1560: athbhunú an Reifirméisin.<br>Ceist na hollscoile.<br>Móid an Fhrith-Reifirméisin: séanadh agus beart míleatach. | Gairm chléireachais Meiler Magrath |

*Sa staidéar a dhéanann siad ar an topaic, is ceart go dtiocfadh na daltaí ar an eolas faoi ról príomhphearsan ar leith.*

*"Eochair" eile chun tuiscint a fhorbairt sna daltaí ná go bhfoghlaimeoidís conas na príomhcheisteanna a shainaithint trí eolas maith a bheith acu ar phríomhchoincheapanna áirithe.*

### Príomhphearsana

Is ceart go mbeadh daltaí ar an eolas faoin gcion a rinne na daoine seo a leanas do na forbairtí atá liostaithe faoi na heilimintí thuas:

*Séan Ó Néill; Aodh Ó Néill; Sir Henry Sidney; Sir John Perrot; An tArdeaspag Adam Loftus; Richard Creagh; Agnes Campbell; Gráinne Mhaol; James Fitzmaurice Fitzgerald; Tadhg Dall Ó hUiginn*

### Príomhchoincheapanna

*Ballraíocht, coilíniú, éirí amach fheodach, tiarnas, an dlí coiteann, an Reifirméisean, an Frith-Reifirméisean, séanadh, "creideamh agus tír dhúchais".*

**Topaic 3: An ríocht in aghaidh coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

| Dearcadh | Eilimintí | Cás-staidéir |
|---|---|---|
| *Polaitíocht agus riarachán* | Polasaí plandála an stáit; fadhbanna riaracháin; éilliú; slándáil inmheánach; an t-arm agus na Grása; Buckingham agus Éire; Strafford in Éirinn; bunús Éirí Amach 1641; easaontais idir Lucht na Comhdhála; ríogaithe agus parlaiminteoirí; tionchar thástáil Chromail in athrú polaitíochta radacach; turnamh na Poblachta. | Triail Strafford |
| *Sochaí agus geilleagar* | Fadhbanna eacnamaíochta iarchogaidh; teidil agus sealbh lochtach; fadhbanna tiarnaí talún agus fadhbanna tionóntaí. An stát agus plandálacha príobháideacha: tírdhreach athraitheach agus patrúin lonnaíochta; staid na hÉireann i 1641; trasphlandálacha Chromail; patrúin i dtrádáil na hÉireann. | Imirce na nAlbanach go hUlaidh |
| *Cultúr agus creideamh* | An Frith-Reifirméisean: an ghnáthchléir agus na hoird; na scoileanna Éireannacha thar lear; sean-Ghaill agus Gaeil. Protastúnachas na hÉireann: na hAnglacánaigh agus easaontóirí. Físeanna: Foras Feasa Chéitinn; na Ceithre Máistrí; bristeacha as oifig i 1641. | Lováin |

*Sa staidéar a dhéanann siad ar an topaic, is ceart go dtiocfadh na daltaí ar an eolas faoi ról príomhphearsan ar leith.*

*"Eochair" eile chun tuiscint a fhorbairt sna daltaí ná go bhfoghlaimeoidís conas na príomhcheisteanna a shainaithint trí eolas maith a bheith acu ar phríomhchoincheapanna áirithe.*

| Príomhphearsana |
|---|
| Is ceart go mbeadh daltaí ar an eolas faoin gcion a rinne na daoine seo a leanas do na forbairtí atá liostaithe faoi na heilimintí thuas:<br><br>*Sir Arthur Chichester; Richard Boyle agus a theaghlach; Elizabeth Butler, Cuntaois Urumhan; Sir Thomas Wentworth; Sir Féilim Ó Néill; Patrick Darcy; Eoghan Rua Ó Néill; An tArdeaspag Rinuccini; Piaras Feiritéir; Luke Wadding.* |
| **Príomhchoincheapanna** |
| *Ríocht na hÉireann, "Na Sean-Ghaill", "Na Nua-Ghaill", na Gaeil dhúchasacha, "Thorough", ríogaithe agus parlaiminteoirí, comhdhálachas, comhlathas, slándáil seilbhe, teideal lochtach, morgáistí, eiséataí, plandáil, coilíniú, "Go Connachtaibh nó go hIfrinn", an Frith-Reifirméisean, séanadh, Propaganda Fide, deonú Dé.* |

## Topaic 4: Cinsealacht choilíneachta a bhunú, 1660-1715

| Dearcadh | Eilimintí | Cás-staidéir |
|---|---|---|
| *Polaitíocht agus riarachán* | An Athghairm, 1660; Acht an tSocraithe agus an tAcht Mínithe; leasríthe Urumhan (1662-1669, 1677-1684); tionchar Eaglais na hÉireann ar an bparlaimint agus ar an gcóras riaracháin; teacht chun cinn na gCaitliceach, 1685; Iarla Thír Chonaill mar leas rí (fear ionaid an rí); Cogadh an Dá Rí; Conradh Luimnigh; coigistithe Rí Liam; briogáidí na hÉireann thar lear; tabhairt isteach na bPéindlíthe. | Parlaimint 1689 |
| *Sochaí agus geilleagar* | Fás an daonra agus inimirce; seansealbhóirí agus sealbhóirí nua talún; dálaí éagsúla lucht na tuaithe.<br>Fás agus atógáil bailte móra.<br>Trádáil mhéadaithe: eallach; ollann; soláthairtí; iasc; tús an tionscail línéadaigh.<br>Srianta trádála: an tAcht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta.<br>Fás ar bhainistíocht eastáit; leagan coillte; Tóraithe agus Ropairí. | Athghairm Bhaile Átha Cliath |
| *Cultúr, creideamh agus eolaíocht* | Preispitéirigh Uladh; an Regium Donum; iarrachtaí ar ionannas; an Chomhcheilg Phápánach, 1678; an tástáil shacraiminteach, 1704; beartais tiontaithe agus pianreachtaíocht.<br>Deireadh ré na mBard.<br>Paimfléadaíocht pholaitiúil.<br>Teacht chun cinn na heolaíochta in Éirinn. | Na filí Seacaibíteacha |

*Sa staidéar a dhéanann siad ar an topaic, is ceart go dtiocfadh na daltaí ar an eolas faoi ról príomhphearsan ar leith.*

*"Eochair" eile chun tuiscint a fhorbairt sna daltaí ná go bhfoghlaimeoidís conas na príomhcheisteanna a shainaithint trí eolas maith a bheith acu ar phríomhchoincheapanna áirithe.*

### Príomhphearsana

Is ceart go mbeadh daltaí ar an eolas faoin gcion a rinne na daoine seo a leanas do na forbairtí atá liostaithe faoi na heilimintí thuas:

*An chéad Diúc ar Urumhain; Séarlas II; Iarla Thír Chonaill; Bandiúc Thír Chonaill; Samuel Louis Crommelin; Oilibhéar Pluincéid; William Molyneux; Pádraig Sáirséil; Dáibhí Ó Bruadair; Robert Boyle.*

### Príomhchoincheapanna

*Easaontas, frithphápaireacht, coilíneachas, cinsealacht, neamhchónaí, ionannas, coigistiú, uirísleacht, fás uirbeach, marsantachas, Seacaibíteachas, Tóraithe.*

## Topaic 5: Coilíneacht in aghaidh ríochta - teannais in Éire lár an ochtú haois déag, 1715-1770

| Dearcadh | Eilimintí | Cás-staidéir |
|---|---|---|
| *Polaitíocht agus riarachán* | An "Náisiún Protastúnach"; struchtúr riaracháin rialtais láir; cúirteanna, ard-ghiúiréithe, cúirteanna seisiúin, buirgí, parlaimint.<br>Leathphingin Wood, 1722; litreacha Drapier; paimfléadaíocht Dean Swift.<br>Iarrachtaí ar leasú; na Tírghráthóirí; Coiste na gCaitliceach.<br>Idirghabháil fhéidartha na Fraince: sluaíocht Thurot.<br>Leasríochas Townshend; billí airgid.<br>Iarmhairtí polaitíochta an Chogaidh Seacht mBliana in Éirinn. | Na Ponsonbys |
| *Sochaí agus geilleagar* | Athrú sa daonra; foroinnt gabháltas; cineálacha seilbhe; an práta; bochtaineacht, gorta, galar.<br>Tiarnaí talún neamhchónaitheacha, athmháistrí, coiteoirí, oibrithe, spailpíní, giúrnálaithe; mná agus sochaí na tuaithe.<br>Luaineachtaí trádála; fairsingiú na trádála soláthairtí; méadú ar smuigléireacht; dleachtanna custaim agus máil.<br>Bábhúin; corraíl faoi chúrsaí talún; modh-shráidbhailte; bailte móra pleanáilte; tionscail nua; línéadach agus bríbhéireacht. | Na Buachaillí Bána |
| *Cultúr agus creideamh* | Maolú na bPéindlíthe; oideachas do Chaitlicigh.<br>Teacht chun cinn drámaíocht Bhaile Átha Cliath; na Cúirteanna Filíochta; tionchair ón gcoigríoch ar cheol traidisúnta na hÉireann; meath na Gaeilge. | Triail an Athar Mhic Síthigh |

*Sa staidéar a dhéanann siad ar an topaic, is ceart go dtiocfadh na daltaí ar an eolas faoi ról príomhphearsan ar leith*

*"Eochair" eile chun tuiscint a fhorbairt sna daltaí ná go bhfoghlaimeoidís conas na príomhcheisteanna a shainaithint trí eolas maith a bheith acu ar phríomhchoincheapanna áirithe.*

| Príomhphearsana |
|---|
| Is ceart go mbeadh daltaí ar an eolas faoin gcion a rinne na daoine seo a leanas do na forbairtí atá liostaithe faoi na heilimintí thuas:<br><br>*Dean Swift; muintir Uí Chonghaile; Primate Stone; Séarlas Ó Conchubhair; Thomas Wyse; John Hely Hutchinson; Charles Lucas; Arthur Guinness; Margaret (Peg) Woffington; Turlach Ó Cairealláin.* |

| Príomhchoincheapanna |
|---|
| *Pátrúnacht, rialú reachtaíochta, frithbhochtaineacht, tírghrá, "Éire Cheilte", Seacaibíteachas, geilleagar an Atlantaigh, coiteoir, conacra, feabhsú.* |

## Topaic 6: Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

| Dearcadh | Eilimintí | Cás-staidéir |
|---|---|---|
